Iascach Intíre Éireann
Inland Fisheries Ireland

## Fógra Príobháideachais

Baineann an fógra seo le cleachtais phríobháideachais Iascach Intíre Éireann ('IIÉ') maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar Ráiteas Straitéise Iascach Intíre Éireann, 2026 go 2030. Gníomhaíonn Iascach Intíre Éireann, 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath D24 CK66 mar **'an Rialaitheoir Sonraí'** i dtaobh do shonraí pearsanta.

## Ráiteas Ginearálta

Déileálfar le haon fhaisnéis phearsanta a thugann tú do IIÉ de réir na gcaighdeán slándála agus rúndachta is airde, agus i ndian-chomhréir le Rialachán 2016/679 an AE – an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS') agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018.

## An méid a theastaíonn uainn agus an fáth a dteastaíonn sé uainn

Nuair a lorgófar aighneachtaí mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán poiblí ar Ráiteas Straitéise IIÉ, 2026 go 2030, baileoidh agus próiseálfaidh IIÉ na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil go díreach trí aighneachtaí a dhéanfaidh tú i litir, tríd an ríomhphost nó ó bhéal:

- Sonraí Aitheantais – Céadainm, sloinne.
- Sonraí Teagmhála – Seoladh baile, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin (nuair a chuirtear ar fáil iad).

Déanfaimid do chuid faisnéise pearsanta a phróiseáil chun críche chuspóir an chomhairliúcháin phoiblí ar Ráiteas Straitéise IIÉ, 2026 go 2030.

Ní foláir dúinn bunús dlí a bheith againn i gcónaí faoi Airteagal 6 den RGCS le sonraí pearsanta a phróiseáil. Tá do shonraí á bpróiseáil mar gheall gur gá é sin a dhéanamh i dtaca le tascanna a dhéantar ar leas an phobail – is é sin le rá, an comhairliúchán poiblí ar Ráiteas Straitéise IIÉ, 2026 go 2030.

Nuair a chuirtear ar fáil iad, úsáidfear do sheoladh baile, do sheoladh ríomhphoist agus d'uimhir fóin póca ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh leat chun na gcuspóirí seo a leanas:

- Admháil a thabhairt duit go bhfuarthas d'aighneacht agus uimhir thagartha uathúil a thabhairt duit.
- I gcás gur gá comhfhreagras a dhéanamh leat maidir le d'aighneacht.

## Sonraí pearsanta a roinnt

Roinnfear na haighneachtaí arna ndéanamh le Ernest & Young (EY), dream a bhfuil IIÉ ag obair i gcomhar leo le Ráiteas Straitéise Iascach Intíre Éireann, 2026-2030 a fhorbairt.

Foilseofar gach aighneacht arna déanamh maidir leis an gcomhairliúchán poiblí ar ár láithreán gréasáin i bhfoirm bhréagainmnaithe (uimhir thagartha uathúil).

### An roinnfear nó an aistreofar do shonraí pearsanta amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE)?

Ní aistrítear aon sonraí amach as LEE agus stóráiltear na sonraí go léir laistigh de LEE. Má aistreofar aon sonraí amach as an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), déanfaimid gach beart réasúnta lena chinntiú go gcoimeádtar do shonraí pearsanta chomh sábháilte agus chomh slán agus a bheidís laistigh de LEE agus faoin RGCS.

### Cé chomh fada agus a choimeádfar do shonraí

Ionas go mbeimid in ann ár gcuid oibre agus torthaí an chomhairliúcháin seo a chur in iúl, coimeádfar d'aiseolas agus d'aighneachtaí maidir leis an gcomhairliúchán go ceann 12 mhí tar éis Ráiteas Straitéise IIÉ, 2026 go 2030 a chur i gcrích. Ní luafar aon ainm le d'aighneacht i ndiaidh an ama sin toisc go mbainfear aitheantóirí pearsanta agus uimhreacha tagartha uathúla.

### Do chearta maidir le Sonraí Pearsanta

Bronntar cearta áirithe ort faoin RGCS maidir leis an bhfaisnéis phearsanta a choimeádaimid fút. Is iad na cearta sin:

- an ceart chun teacht ar shonraí pearsanta a choimeádaimid fút;
- an ceart chun iarraidh orainn aon sonraí pearsanta míchruinne a choimeádaimid fút a cheartú;
- an ceart chun iarraidh orainn, i gcásanna áirithe, aon sonraí pearsanta a choimeádaimid fút a scriosadh;
- an ceart chun srian a chur, i gcásanna áirithe, ar an bpróiseáil a dhéanaimid ar shonraí pearsanta a choimeádaimid fút;
- an ceart, i gcásanna áirithe, chun do shonraí pearsanta a sholáthair tú dúinn a fháil i bhformáid struchtúrach, a úsáidtear go coitianta agus atá inléite ag meaisín. D'fhéadfadh an ceart a bheith agat freisin iarraidh orainn na sonraí sin a aistriú go heagraíocht eile, nuair is indéanta, tar éis duit é sin a iarraidh;
- an ceart chun cur in aghaidh na próiseála a dhéanaimid ar shonraí pearsanta a choimeádaimid fút (ar mhaithe le hábhair mhargaíochta a sheoladh chugat san áireamh); agus
- an ceart chun do thoiliú a aistarraingt, nuair a bhraithimid air sin le do shonraí pearsanta a úsáid.

Is féidir leat na cearta sin a chur chun feidhme ag aon tráth ach teagmháil a dhéanamh linn trí na sonraí a thugtar i mír theagmhála an fhógra seo a úsáid.

Más mian leat gearán a dhéanamh maidir le bailiú nó próiseáil do shonraí pearsanta, tá an ceart agat gearán a dhéanamh leis an Údarás Maoirseachta, arb é sin an Coimisiún Cosanta Sonraí ('CCS'). Tá sonraí teagmhála an CCS ar fáil ag

### Athruithe ar ár Ráiteas Príobháideachais

Cuirfear aon athruithe a dhéanfaimid ar an bhFógra Príobháideachais seo amach anseo in airde

ar láthreán gréasáin IIÉ agus cuirfear ar an eolas thú tríd an ríomhphost, más cuí. Tar ar ais go minic le fáil amach faoi aon nuashonruithe nó aon athruithe ar ár bhfógra príobháideachais.

**Nithe is údar imní nó gearáin**

Má tá tú ag déanamh imní faoi ní ar bith nó más mian leat gearán a dhéanamh faoin bpróiseáil a dhéanaimid ar do shonraí pearsanta nó faoi na freagairtí atá faighte agat maidir le do shonraí pearsanta, tá an ceart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí, https://www.dataprotection.ie/en/contact/how-contact-us.

**Sonraí Teagmhála**

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le Cosaint Sonraí, déan teagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí IIÉ: Seoladh: 3044 Céide an Locha, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath, D24 CK66

Ríomhphost: dpo@fisheriesireland.ie , Teil: +353 1 8842694